2025/57

16.1.2025

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/57 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 15 Eanáir 2025**

**lena mbunaítear formáid na faisnéise atá le cur ar fáil ag na Ballstáit chun críoch tuairiscithe ar chur chun feidhme Threoir (AE) 2015/2193 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

*(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 81)*

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2015/2193/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le hastaíochtaí truailleán áirithe ó ghléasraí dócháin meánmhéide san aer a theorannú ([1]), agus go hairithe Airteagal 11(3), an dara fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir 2015/2193/AE ceanglaítear ar na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú, amhail ón 1 Eanáir 2029, nach n-oibreofar aon ghléasra dócháin meánmhéide atá ann cheana ag a bhfuil ionchur teirmeach rátaithe níos lú ná 5 MW nó cothrom leis sin, gan cead a bheith aige nó gan é a bheith cláraithe. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh infhaighteacht na sonraí maidir leis na gléasraí sin, roimh an dáta sin, teoranta.

(2) Chun críche tuairiscithe, tá na Ballstáit le tuarascálacha a chur faoi bhráid an Choimisiúin, faoin 1 Deireadh Fómhair 2026 agus faoin 1 Deireadh Fómhair 2031, ina mbeidh faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil maidir le cur chun feidhme Threoir (AE) 2015/2193 aon ghníomhaíocht a dhéantar chun a fhíorú go gcomhlíonann oibriú gléasraí dócháin meánmhéide Treoir (AE) 2015/2193 agus aon ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin chun críocha na Treorach sin.

(3) Chomh maith leis sin, ceanglaítear ar na Ballstáit tuarascálacha a chur faoi bhráid an Choimisiúin, faoin 1 Deireadh Fómhair 2026, ina bhfuil meastachán ar na hastaíochtaí bliantúla iomlána $SO_2$, NOx agus deannaigh ó ghléasraí dócháin meánmhéide.

(4) Maidir leis na formáidí teicniúla atá le húsáid ag na Ballstáit chun tuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Threoir (AE) 2015/2193, ba cheart iad a tharraingt suas ar bhealach a chuideoidh leis an gCoimisiún tuarascáil achomair a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme na Treorach sin de bhun Airteagal 11(4) di. Leis na formáidí teicniúla sin ba cheart aghaidh a thabhairt ar phríomhfhorálacha Threoir (AE) 2015/2193 agus a fhágáil gur féidir sonraí comhiomlánaithe a sholáthar, lena n-áirítear sonraí maidir le catagóirí gléasraí, astaíochtaí, ionchur fuinnimh agus toilleadh.

(5) Chun comhsheasmhacht agus comhleanúnachas a áirithiú maidir leis an bhfaisnéis a sholáthróidh na Ballstáit maidir le cur chun feidhme Threoir (AE) 2015/2193, agus chun malartú faisnéise idir na Ballstáit agus an Coimisiún a éascú, tá an Coimisiún le huirlis tuairiscithe leictreonach a chur ar fáil do na Ballstáit chun críoch tuairiscithe, i gcomhréir le hAirteagal 11(3), an chéad fhomhír, de Threoir (AE) 2015/2193.

([1]) IO L 313, 28.11.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2015/2193/oj.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 75(1) de Threoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Chun meastachán ar astaíochtaí bliantúla iomlána dé-ocsaíde sulfair ($SO_2$), ocsaídí nítrigine ($NO_x$) agus deannaigh a thuairisciú don Choimisiún de bhun Airteagal 11(1) de Threoir (AE) 2015/2193, úsáidfidh na Ballstáit an fhormáid a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo.

2. Chun faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil a thuairisciú don Choimisiún maidir le cur chun feidhme Threoir (AE) 2015/2193, aon ghníomhaíocht a dhéantar chun a fhíorú go gcomhlíonann oibriú gléasraí dócháin meánmhéide Treoir (AE) 2015/2193 agus aon ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin chun críocha na Treorach sin, de bhun Airteagal 11(1) de Threoir (AE) 2015/2193, úsáidfidh na Ballstáit an fhormáid a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo.

3. Úsáidfidh na Ballstáit an uirlis tuairiscithe leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 11(3), an chéad fhomhír, de Threoir (AE) 2015/2193, chun an fhaisnéis a iarrtar in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an gCinneadh a chur isteach.

*Airteagal 2*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Eanáir 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Jessika ROSWALL
*Comhalta den Choimisiún*

([2]) Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2010/75/oj).

*IARSCRÍBHINN I*

## AN FHORMÁID THEICNIÚIL CHUN FAISNÉIS A THUAIRISCIÚ MAIDIR LE GLÉASRAÍ DÓCHÁIN MEÁNMHÉIDE A CHUMHDAÍTEAR LE TREOIR (AE) 2015/2193

### CUID 1

### Catagóirí gléasraí

Sa tábla seo soláthraítear na catagóirí gléasraí atá le húsáid chun an fhaisnéis a éilítear faoi chodanna 2 agus 3 a sholáthar ([1]).

| | | |
|---|---|---|
| 1.1 | Gléasraí nua nó gléasraí atá ann faoi láthair | A shainmhínítear faoi Airteagal 3(6) agus (7) de Threoir (AE) 2015/2193 |
| 1.2 | Aicmí toillte (ionchur teirmeach rátaithe) ([2]) | — cothrom le 1 $MW_{th}$ nó níos mó ná sin agus níos lú ná 5 $MW_{th}$ nó cothrom leis sin<br>— níos mó ná 5 $MW_{th}$ agus níos lú ná 20 $MW_{th}$ nó cothrom leis sin<br>— níos mó ná 20 $MW_{th}$ |
| 1.3 | Cineálacha gléasraí | — cineálacha nach innill ná gástuirbíní iad<br>— innill<br>— gástuirbíní |
| 1.4 | Cineálacha breosla | — bithmhais sholadach<br>— breoslaí soladacha eile<br>— gás-ola<br>— breoslaí leachtacha nach gás-ola iad<br>— gás nádúrtha<br>— breoslaí gásacha nach gás nádúrtha iad<br>— breoslaí measctha. |

### CUID 2

### Meiteashonraí

| | | |
|---|---|---|
| 2.1 | Ballstát | Sainaitheantas an Bhallstáit atá ag tíolacadh na tuarascála |
| 2.2 | Údarás Inniúil | Sainaitheantas an údaráis inniúil atá freagrach as an tuarascáil (roinn, seoladh, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist) |
| 2.3 | An líon gléasraí | An líon gléasraí le haghaidh gach catagóire gléasraí |
| 2.4 | Bliain tuairiscithe | An bhliain féilire dá dtagraíonn an tuairisciú ([3]) |

### CUID 3

### Astaíochtaí, ionchur fuinnimh agus toilleadh

| | | |
|---|---|---|
| 3.1 | Astaíochtaí $SO_2$, $NO_x$ agus deannaigh | Astaíochtaí measta dé-ocsaíde sulfair, ocsaídí nítrigine agus deannaigh arna sloinneadh mar an chainníocht iomlán i dtonaí in aghaidh na bliana féilire arna sceitheadh ag gléasraí le haghaidh gach catagóire gléasraí |

([1]) Sampla de chatagóir: coirí nua is mó ná 5 $MW_{th}$ agus is lú ná 20 $MW_{th}$ nó cothrom leis sin lena ndóitear breoslaí leachtacha nach gás-ola iad.

([2]) Maidir le gléasraí dócháin meánmhéide, is féidir an t-ionchur teirmeach rátaithe iomlán a úsáid.

([3]) 2025 más féidir. Mura féidir, 2024 nó 2023, cibé bliain dá bhfuil na sonraí is déanaí ar fáil. Maidir leis an dara tuarascáil, 2030 más féidir. Mura féidir, 2029 nó 2028, cibé bliain dá bhfuil na sonraí is déanaí ar fáil.

| | | |
|---|---|---|
| 3.2 | Ionchur fuinnimh | Breosla iomlán measta a úsáideann na gléasraí arna shloinneadh in Teirigiúil in aghaidh na bliana le haghaidh gach catagóire gléasraí |
| 3.3 | Toilleadh comhiomlánaithe iomlán | Toilleadh suiteáilte iomlán measta arna shloinneadh mar shuim ionchur teirmeach rátaithe na ngléasraí uile le haghaidh gach catagóire gléasraí |

*IARSCRÍBHINN II*

## AN FHORMÁID THEICNIÚIL CHUN FAISNÉIS A THUAIRISCIÚ MAIDIR LE GLÉASRAÍ DÓCHÁIN MEÁNMHÉIDE A CHUMHDAÍTEAR LE TREOIR (AE) 2015/2193

Chun an fhaisnéis a leagtar amach san Iarscríbhinn seo a thuairisciú don Choimisiún, ba cheart aon tagairt do 'Chatagóir gléasraí' a thuiscint mar thagairt don tábla 'Cuid 1. Catagóirí gléasraí' a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo.

### CUID 1

### Meiteashonraí

| | |
|---|---|
| 1.1 Ballstát | Sainaitheantas an Bhallstáit atá ag tíolacadh na tuarascála |
| 1.2 Eagraíocht an Bhallstáit maidir le Treoir (AE) 2015/2193 a chur chun feidhme | Tuairisc ar an údarás inniúil/ar na húdaráis inniúla atá freagrach as Treoir (AE) 2015/2193 a chur chun feidhme (an leibhéal náisiúnta, an leibhéal réigiúnach, an leibhéal áitiúil), dáileadh na bhfreagrachtaí |
| 1.3 Bliain tuairiscithe | An bhliain féilire dá dtagraíonn an tuairisciú ([1]) |

### CUID 2

### Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil

| | |
|---|---|
| 2.1 Ceadanna nó Clárú | An modh, dá dtagraítear in Airteagal 5(1) de Threoir (AE) 2015/2193, atá in úsáid sa bhliain tuairiscithe le haghaidh gach catagóire gléasraí (úsáid ceada, clárú, nó an dá rud) |
| 2.2 Nós imeachta | An nós imeachta chun cead a dheonú nó chun clárú i leith Airteagal 5(3) de Threoir (AE) 2015/2193, atá in úsáid sa bhliain tuairiscithe le haghaidh gach catagóire gléasraí (tuairisc ar an nós imeachta, agus URL chuig an nós imeachta má tá sé ar fáil) |
| 2.3 Clár | An bhfuil clár ann ina bhfuil faisnéis faoi gach gléasra dócháin meánmhéide de bhun Airteagal 5(5) de Threoir (AE) 2015/2193 a úsáidtear sa bhliain tuairiscithe le haghaidh gach catagóire gléasraí? (TÁ nó NÍL),<br>má TÁ, Tuairisc ar an gclár (an líon clár, leibhéal na gclár – náisiúnta, réigiúnach, áitiúil)<br>An bhfuil na cláir ar fáil don phobal ar an idirlíon? (TÁ nó NÍL)<br>Má tá, URL an chláir/na gclár |
| 2.4 Rialacha ceangailteacha ginearálta | Glacadh na rialacha ceangailteacha ginearálta i leith Airteagal 5(6) de Threoir (AE) 2015/2193 agus tagairt do na rialacha sin (*tuairisc ar an úsáid agus ar an URL atá ar fáil don phobal*) |
| 2.5 An líon gléasraí atá ina gcuid de chórais leithlisithe bheaga/micreachórais leithlisithe | An líon gléasraí atá ina gcuid de chórais leithlisithe bheaga nó micreachórais leithlisithe mar a shainmhínítear in Airteagal 3 de Threoir (AE) 2015/2193, sa bhliain tuairiscithe le haghaidh gach catagóire gléasraí |

([1]) Maidir leis an gcéad tuarascáil, 2025 más féidir. Mura féidir, 2024 nó 2023, cibé bliain dá bhfuil na sonraí is déanaí ar fáil. Maidir leis an dara tuarascáil, 2030 más féidir. Mura féidir, 2029 nó 2028, cibé bliain dá bhfuil na sonraí is déanaí ar fáil.

| | |
|---|---|
| 2.6. Díolúintí a úsáid | Na díolúintí a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an méid seo a leanas:<br>Airteagal 6(3) de Threoir (AE) 2015/2193<br>Airteagal 6(8)<br>Maidir le gach scéim díolúine, an líon gléasraí lena mbaineann. |
| 2.7. Teorainnluachanna astaíochtaí níos déine | Forbhreathnú ar chásanna ina bhfuil teorainnluachanna astaíochtaí níos déine i bhfeidhm i leith Airteagal 6(9) de Threoir (AE) 2015/2193 sa bhliain tuairiscithe (tuairisc ghairid ar na cúiseanna agus na nósanna imeachta chun teorainnluachanna astaíochtaí níos déine a chur i bhfeidhm). Tuairiscítear an fhaisnéis sin le haghaidh gach catagóire gléasraí nuair atá an fhaisnéis sin ar fáil ar an leibhéal sin. |
| 2.8 Athruithe ar ghléasraí dócháin meánmhéide | Samplaí de bhearta dá dtagraítear in Airteagal 9 de Threoir (AE) 2015/2193 arb é is aidhm dóibh a áirithiú go gcuirfidh an t-oibreoir an t-údarás inniúil ar an eolas faoi athruithe atá beartaithe ar na gléasraí dócháin meánmhéide a dhéanfadh difear do na teorainnluachanna astaíochtaí is infheidhme |
| 2.9 Córas le haghaidh seiceáil comhlíontachta | An modh a úsáidtear chun a fhíorú nach sáraíonn astaíochtaí a ndéantar faireachán orthu, trí thomhais leanúnacha nó thréimhsiúla, na teorainnluachanna astaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 6 de Threoir (AE) 2015/2193 (tuairisc ar an gcóras dá dtagraítear in Airteagal 8 de Threoir (AE) 2015/2193 amhail úsáid iniúchtaí, féintomhas, tomhas seachtrach nó tomhas eile, úsáid eagraíochtaí creidiúnaithe chun rialuithe a dhéanamh). |
| 2.10 Bearta forfheidhmiúcháin a rinneadh | Forbhreathnú ar na bearta forfheidhmiúcháin a rinneadh i gcás neamhchomhlíonadh dá dtagraítear in Airteagal 8 de Threoir (AE) 2015/2193, sa bhliain tuairiscithe, (tuairisc ghairid ar na nósanna imeachta a bunaíodh chun an Treoir a fhorfheidhmiú agus na cineálacha beart forfheidhmiúcháin), lena n-áirítear na pionóis a leagtar amach in Airteagal 16 de Threoir (AE) 2015/2193. |
| 2.11 Oibríochtaí a chur ar fionraí | Achoimre ar chineál na gcásanna neamhchomhlíontachta dá dtagraítear in Airteagal 8 de Threoir (AE) 2015/2193 ar dá thoradh a cuireadh oibríochtaí ar fionraí. |